## Seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe agus atá ar thóir oibre

### *Seirbhísí náisiúnta*

- **Oifigí Leasa Shóisialaigh**
Bíonn Post-Éascaitheoirí lonnaithe in Oifigí Leasa Shóisialaigh ar fud na tíre chun cuidiú le daoine fostaíocht a aimsiú.

- **Oifigí FÁS**
I ngach Oifig áitiúil FÁS tá Oifigeach Seirbhísí Fostaíochta a chuireann comhairle ar fáil maidir le deiseanna fostaíochta, cúrsaí oiliúna agus roghanna eile a d'fhéadfadh fostaíocht a aimsiú do dhuine.

### *Seirbhísí i gceantair shonracha*

- **An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES)**
The Local Employment Services assist long-term unemployed people to secure employment. The LES provides Mediator and Guidance services. Mediators work with local employers with a view to matching the skills and experience of job seekers with the recruitment needs of employers. Guidance Counsellors provide information about training and further or second chance education.

- **Líonra Ionad áitiúil Comhdhála / Ionaid Acmhainne**
Cuireann Líonra Ionad áitiúil Comhdhála / Ionaid Acmhainne seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil chun cuidiú le daoine fostaíocht a aimsiú. Cuireann go leor Ionad eolas agus comhairle leasa agus oibre ar fáil chomh maith agus d'fhéadfaidís eolas a chur ar fáil i dtaca le folúntais áitiúla phoist, cúnamh a thabhairt le CV a chur le chéile agus Post-Chlubanna a reáchtáil.

- **Post-Chlubanna**
Is é príomhchuspóir Post-Chlubanna ná cuidiú le daoine atá 'réidh do phost' maidir le scileanna agus oiliúint a oireann do riachtanais an fhostóra áitiúil nó le daoine a dífhostaíodh le déanaí. Is é aidhm an Phost-Chlub ná scileanna aimsithe poist a fheabhsú i measc grúpaí daoine dífhostaithe ag féachaint do theacht ar dheiseanna fostaíochta.

- **Comhpháirtíochtaí Ceantarbhunaithe agus Grúpaí Pobail arna maoiniú ag 'Pobal'**
D'fhéadfadh Grúpaí Pobail agus Comhpháirtíochtaí seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe. I measc na seirbhísí sin bheadh eolas, treoir agus cúrsaí oiliúna. Tá ról faoi leith ag Grúpaí Pobail agus Comhpháirtíochtaí i dtaca le tacú le daoine atá dífhostaithe bheith féinfhostaithe. San áireamh air sin bheadh clárú don Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (Comhpháirtíochtaí amháin), treoir agus tacaíocht oiliúna Fiontraíochta, cúnamh le pleananna gnó agus seirbhís mheantóireachta.

**Eolas Breise**

Más mian leat níos mó eolais a fháil ar Bheith ar Thóir Oibre, is féidir leat Treoir Acmhainne an INOU 'Ar Thóir Oibre' a íoschóipeáil ó www.inou.ie/publications

Tá Ceann-Oifig FÁS lonnaithe ag 27-33 Sráid Baggot Uachtarach, Baile Átha Cliath 4. Teil (01) 6070500





## Réamhrá

D'fhonn cáiliú do Chúnamh Dífhostaíochta (UA) nó do Shochar Dífhostaíochta (UB), agus a d'fhonn UA nó UB a fháil go leanúnach, luann rialacha na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nár mhór do dhuine bheith ar thóir oibre i ndáiríre agus bheith in ann agus ar fáil chun tabhairt fúithi. Leagann an chuid seo den Treoir Acmhainne amach na critéir faoin reachtaíocht a bhaineann le bheith ar thóir oibre i ndáiríre, rudaí a chaitheann duine a dhéanamh chun íocaíocht UA nó UB a fháil, agus chun UA nó UB a fháil go leanúnach. Leagann sé amach freisin roinnt céimeanna is féidir le duine atá dífhostaithe a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go gcoinníonn sé/sí an íocaíocht. Ó am go chéile, glaofar daoine atá dífhostaithe chun agallaimh san oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh, i dtaca lena n-iarrachtaí maidir le post a lorg. Má mheasann an Oifig Leasa Shóisialaigh go bhfuil cúis ann le háiteamh nach bhfuil duine atá dífhostaithe ar thóir oibre i ndáiríre, féadfar an cás a chur faoi bhráid Oifigigh Bhreithiúnachta a d'fhéadfadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás.

## Critéir a Chomhlíonadh maidir le Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre

Ciallaíonn an reachtaíocht a bhaineann le bheith ar thóir oibre i ndáiríre go gcaitheann duine a bheith ar thóir fostaíochta i ndáiríre a oireann dá (h)aois, dá (h)oideachas, dá (h)ábaltacht fhisiciúil, dá s(h)uíomh agus dá c(h)úinsí teaghlaigh. D'fhonn an coinníoll sin a chomhlíonadh, ní mór don duine a thaispeáint go bhfuil sé/sí ag déanamh iarrachtaí dáiríre post a fháil. D'fhonn cáiliú d'íocaíocht dífhostaíochta, ba chóir do dhuine atá dífhostaithe bheith ar fáil chun dul i mbun oibre go lánaimseartha atá oiriúnach dó/di go réasúnach.

▸▸ Tig le duine oibriú ar feadh suas le trí lá as aon tréimhse 6 lá as a chéile, agus iad ar thóir oibre lánaimseartha agus bheith cáilithe d'íocaíocht dífhostaíochta do na laethanta eile sa tseachtain a mbíonn siad dífhostaithe. (Fad is nach gcuireann sé sin bac ar an duine fostaíocht lánaimseartha a lorg agus dul ina bun).

### *Ar na cúinsí ina meastar nach bhfuil duine ar fáil d'obair tá:*

- Gan ach cineál amháin oibre a bheith á lorg
- Gan ach obair pháirtaimseartha a bheith á lorg
- Gan a bheith ar fáil ach i rith uaireanta an chloig nach mbaineann de ghnáth leis an bhfostaíocht atáthar a lorg
- Diúltú d'obair de bharr ghnáthráta an phoist sin
- Gan a bheith toilteanach glacadh le tairiscint fostaíochta réasúnaí gearrthréimhse
- Bogadh go háit ina laghdófaí go mór ionchas an duine sin fostaíocht oiriúnach a fháil
- Srianta míréasúnacha a chur ar an achar slí a bhfuiltear sásta taisteal chun na hoibre
- Srianta míréasúnacha a chur ar dhul i mbun oibre de bharr cúinsí baile

▸▸ Is tábhachtach a lua gur Treoirlínte Roinne atá ann agus go mbaineann solúbthacht áirithe leo. Má chreideann tú gur caitheadh go míchothrom le duine atá dífhostaithe nó nár tugadh éisteacht chóir dó/di, ba chóir don duine sin an cinneadh sin a achomharc. Déan teagmháil leis an INOU má tharlaíonn a leithéid.

Deir treoirlínte na Roinn gur chóir do dhuine a bheith ar fáil láithreach chun tabhairt faoi thairiscint ar phost lánaimseartha, cé go n-aithníonn siad go bhféadfadh cúpla lá a bheith de dhíth ar dhuine chun socruithe (e.g. cúram leanaí) a dhéanamh le gur féidir leis/léi dul i mbun oibre.

### *Céimeanna le glacadh agus duine ar thóir oibre*

D'fhonn a bheith i dteideal leanúint ar aghaidh ag fáil UA nó UB ba chóir go mbeadh duine atá dífhostaithe in ann a léiriú gur ghlac sé/sí céimeanna réasúnacha maidir le fostaíocht a fháil.

- I measc na gcéimeanna sin tá:
- Iarratais ó bhéal agus i scríbhinn ar obair chuig fostóirí
- CV a thabhairt cothrom le dáta
- Eolas ar fhostaíocht a bheith ar fáil a lorg ó fhógráin fostóirí agus ar ghníomhaireachtaí fostaíochta
- Clárú le FÁS, LES agus/nó Post-Chlub
- Gníomhú ar chomhairle ó Éascaitheoirí Poist, ó FÁS nó ó ghníomhaireachtaí eile socrúcháin oibre cosúil leis an tSeirbhís Áitiúil Fostaíochta (LES)
- Leas a bhaint as deiseanna oiriúnacha oiliúna agus oideachais
- Céimeanna dearfacha a ghlacadh i dtreo na féinfhostaíochta

Abair gur bhuail duine dífhostaithe isteach chuig Oifig FÁS, gur scríobh sé/sí chuig fostóir ag lorg oibre agus gur chuir sé/sí isteach ar fholúntas poist, ba chóir féachaint air sin mar 3 chéim a ghlacadh maidir le fostaíocht a lorg.

Ba chóir don Roinn na pointí seo a leanas a ghlacadh san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil duine dífhostaithe ag glacadh céimeannna réasúnacha chun fostaíocht a fháil nó nach bhfuil;

- Scileanna, cáilíochtaí agus taithí oibre an duine
- An fad ama atá an duine dífhostaithe
- Iarrachtaí a rinneadh le seachtainí beaga anuas chun fostaíocht a lorg
- Fáil a bheith ar fholúntais phoist agus suíomh na bhfolúntas sin
- Cúinsí teaghlaigh an duine

Mura n-éiríonn leis an duine dífhostaithe fostaíocht a bhaint amach sa réimse is rogha leis/léi, iarrfar orthu an postchuardach a leathnú nó a léiriú go bhfuil seans réasúnach ann go mbainfidh sé/sí obair amach sa réimse sin go gairid.

» Má mheasann an tOifigeach Breithiúnachta go bhfuil an duine ag cur srianta míréasúnacha ar a (h)iarrachtaí maidir le post a lorg, ba chóir deis a thabhairt don duine sin freagra a thabhairt ar an tuairim sin

### *Cuntas a choinneáil ar gach Iarracht maidir le Post a Lorg*

- Ba chóir do dhuine cuntas a choinneáil ar na hiarrachtaí ar fad a dhéanann sé/sí maidir le post a lorg. Sa chuntas sin bheadh:
- Cóipeanna de gach fógrán poist ar cuireadh isteach air. Mura féidir an fógrán a ghearradh amach, ba chóir mionsonraí an phoist a bhreacadh síos.



- Ina theannta sin, ba chóir cóipeanna de gach iarratas a rinneadh ar ríomhphost agus gach comhfhreagras a leanann é a choinneáil
- Gach freagra ó fhostóirí, ríomhphoist san áireamh
- Liosta de gach glaoch gutháin a rinneadh i dtaca le postanna. Bheadh sé úsáideach liosta na ndaoine ar labhraíodh leo a thabhairt
- Deimhniúcháin Postála ó Oifig an Phoist. Faightear iad seo saor in aisce agus is fianaise iad ar iarrachtaí maidir le post a fháil
- Clárú le FÁS agus cuairteanna ina dhiaidh sin
- Má chláraíonn duine dífhostaithe le seirbhís socrúcháin oibre nó le gníomhaireacht fostaíochta, ba chóir dó/di an t-eolas sin a choinneáil ina gcuid cuntas féin agus cóipeanna de gach comhfhreagras ríomhphoist a choinneáil

## Achomhairc

Mura mbíonn an Roinn sásta go bhfuil duine dífhostaithe ag déanamh iarrachtaí dáiríre chun fostaíocht a lorg, féadfar stop a chur le híocaíocht. Má mheasann an duine é sin a bheith éagothrom, ba chóir dó/di agallamh eile a lorg chun a c(h)ás a chur i láthair. Má bhíonn an duine míshásta leis an gcinneadh faoina t(h)eidlíochtaí nó faoina (h)iarratas ar íocaíocht, ba chóir dó/di achomharc a dhéanamh i gcónaí. D'fhonn achomharc a dhéanamh, ní mór don duine an Fhoirm Achomhairc chuí a líonadh isteach. Ba chóir an Fhoirm Achomhairc a sheoladh chuig an bPríomh-Oifigeach Achomhairc, Achomhairc Leasa Shóisialaigh, Teach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

» Is follasach ó thaighde atá déanta gur dóichí i bhfad go n-éireoidh le hachomharc má bhíonn cúnamh ag an duine ó Oifigeach um Chearta Leasa ó Eagraíocht áitiúil an Líonra Ionad Comhdhála, ó Ionad Eolais do Shaoránaigh nó ó Ionad Acmhainne eile, ó Oifigeach Ceardchumainn nó ó dhuine eile a bhfuil saineolas aige/aici ar chearta leasa, maidir leis an achomharc a dhéanamh agus freastal ar an achomharc féin

Má cuireadh stop le híocaíochta UA nó UB agus má rinne an duine dífhostaithe achomharc, d'fhéadfadh go mbeadh an duine sin agus/nó a c(h)uid aosach/leanaí cleithiúnacha incháilithe i dteideal íocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa (SWA) a fháil ón Oifigeach Leasa Pobail. Leanfar ar aghaidh ag íoc na híocaíochta sin go gcinnfear an t-achomharc. Féadfaidh an tOifigeach Leasa Pobail na rialacha maidir le Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre a chur i bhfeidhm i dtaca le SWA a íoc ón am ar chuir an Oifig Leasa Shóisialaigh stop le híocaíocht duine dhífhostaithe. Ma dhiúltaítear SWA do dhuine de bharr nár chomhlíon sé/sí an ceanglas maidir le Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre, d'fhéadfadh go mbeadh aosach agus leanaí cleithiúnacha cáilithe an duine dhífhostaithe i dteideal íocaíocht SWA astu féin.

### Eolas Breise

Tá treoir mhionsonraithe i dtaca le cur i ngníomh na reachtaíochta maidir le Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh www.welfare.ie/foi/ua_unempasst.html. Déan teagmháil leis an INOU má bhíonn ceisteanna agat i dtaobh achomhairc leasa shóisialaigh nó Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre. Teil. 8560088, ríomhphost: welfareinfo@inou.ie

Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh lonnaithe i dTeach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2 Teil (01) 6718633.

Láithreán gréasáin Website www.socialwelfareappeals.ie